Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12229/23**

**CDR 122**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta de Choiste na Réigiún, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 26 Bealtaine 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú ar dá bhun a moladh Gerry WOOP, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 10079/23.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Gerry WOOP, mhol Rialtas na Gearmáine[2] Florian HAUER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Staatssekretär für Bundes- und Europaangelegenheiten und Internationales Bevollmächtiger des Landes Berlin beim Bund* (Rúnaí Buan um Ghnóthaí Cónaidhme agus Eorpacha agus Caidrimh Idirnáisiúnta, Toscaire Stát Bheirlín chuig an gCónaidhm), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 12228/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 12216/23.